CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 69/24

Lucsamburg, an 18 Aibreán 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-605/21 | Heureka Group (Suíomhanna gréasáin comparáidithe praghsanna)

# Sáruithe ar dhlí iomaíochta an Aontais Eorpaigh: tá sean-rialacha na Seice maidir le tréimhsí teorann ar neamhréir le dlí an Aontais Eorpaigh

*Fágtar leis na rialacha sin go bhfuil sé nach mór dodhéanta nó ródheacair damáistí a lorg i leith cleachtais fhrithiomaíocha leanúnacha*

Ní fhéadfaidh an tréimhse theorann is infheidhme i leith caingne le haghaidh damáistí as sárú ar dhlí iomaíochta an Aontais Eorpaigh tosú go dtí go mbeidh deireadh tagtha leis an sárú sin agus go mbeidh an páirtí díobhálaithe ar an eolas gur sárú den sórt sin atá ann. Go ginearálta, beidh an páirtí sin ar an eolas faoin méid sin ar fhoilsiú na hachoimre de chinneadh an Choimisiúin lena gcinntear go bhfuil an sárú sin ann in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ceanglaítear le dlí an Aontais Eorpaigh freisin go gcuirfear ar fionraí nó go mbrisfear an tréimhse theorann ar feadh thréimhse imscrúdaithe an Choimisiúin. Thairis sin, ó theacht i bhfeidhm Treorach ar an ábhar sin, féadfaidh deireadh a theacht leis an bhfionraí nó briseadh tráth nach luaithe ná an dáta a thiocfaidh an cinneadh go bhfuil sárú ann chun bheith críochnaitheach.

Oibríonn Heureka, cuideachta de chuid na Seice, suíomh comparáide praghsanna. Maíonn sé gur thug Google tús áite go córasach, ar a leathanaigh torthaí cuardaigh ghinearálta, dá uirlis comparáide praghsanna féin. Dá thoradh sin, bhí níos lú cuairteanna chuig Heureka. Measann Heureka go ndearna Google díobháil dó agus braitheann sé, sa chomhthéacs sin, ar chinneadh (nach bhfuil críochnaitheach go fóill) [1] ón gCoimisiún Eorpach lena gcinntear go bhain Google mí-úsáid as a cheannasacht.

Tá cúirt na Seice, ar thionscain Heureka caingean le haghaidh damáistí os a comhair, in amhras an bhfuil an tréimhse theorann a bhí ann roimhe faoi dhlí na Seice agus atá fós infheidhme sa chaingean seo i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh [2]. Tosaíonn an tréimhse trí bliana sin, le haghaidh gach damáiste pháirtigh, tráth a bheidh an páirtí díobhálaithe ar an eolas gur bhain díobháil pháirteach den sórt sin dó, agus faoi chéannacht údar an tsáraithe sin. Os a choinne sin, ní cheanglaítear leis na rialacha náisiúnta go mbeidh sé ar an eolas gur sárú atá san iompar atá i gceist ná go bhfuil deireadh tagtha leis chun go dtosóidh an tréimhse theorann. Ní fhoráiltear leis na rialacha sin ach an oiread go gcaithfear an tréimhse sin a chur ar fionraí nó a bhriseadh le linn imscrúdú an Choimisiúin agus ar feadh bliain amháin tar éis an dáta a thiocfaidh an cinneadh ón gCoimisiún go ndearnadh sárú chun bheith críochnaitheach.

Ina breithiúnas, rialaíonn an Chúirt **go gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar reachtaíocht na Seice a bhí infheidhme go dtí gur trasuíodh Treoir 2014/104 go déanach**. I ndáil leis sin, measann an Chúirt, fiú roimh dhul in éag an spriocdháta chun an Treoir sin a thrasuí, gur ceanglaíodh le dlí an Aontais [3], **ionas go dtosóidh an tréimhse theorann, go bhfuil deireadh tagtha leis an sárú ar dhlí na hiomaíochta agus go bhfuil an fhaisnéis riachtanach ar eolas ag an bpáirtí díobhálaithe** chun a chaingean le haghaidh damáistí a thionscnamh, agus go háirithe **gur sárú den sórt sin é an t-iompar sin**. Go deimhin, tá an dá choinníoll sin riachtanach ionas go bhféadfaidh an páirtí díobhálaithe a cheart chun cúiteamh iomlán as an damáiste a bhain dó a iarraidh mar gheall

ar shárú ar dhlí na hiomaíochta a fheidhmiú go héifeachtach.

Sonraíonn an Chúirt, i bprionsabal, **gurb ionann an tráth a bheidh an fhaisnéis riachtanach ar eolas ag an bpáirtí díobhálaithe** chun a chaingean a thionscnamh **agus dáta foilsithe achoimre den chinneadh ón gCoimisiún lena gcinntear go ndearnadh sárú san *Iris Oifigiúil*, beag beann air nach bhfuil an cinneadh sin tagtha chun bheith críochnaitheach go fóill**. Thairis sin, féadfaidh an páirtí díobhálaithe brath ar chinneadh den sórt sin nach bhfuil tagtha chun bheith críochnaitheach go fóill mar thaca lena chaingean le haghaidh damáistí.

Sa chomhthéacs sin, tugann an Chúirt dá haire go gceanglaítear freisin le dlí an Aontais go bhféadfar **an tréimhse theorann a chur ar fionraí nó a bhriseadh le linn imscrúdú an Choimisiúin**, ionas nach rachaidh an tréimhse theorann sin in éag sula mbeidh an t-imscrúdú sin críochnaithe fiú. Go deimhin, ós rud é go mbíonn sé deacair, go ginearálta, ar an bpáirtí díobhálaithe a chruthú go ndearnadh sárú ar dhlí na hiomaíochta in éagmais cinneadh ón gCoimisiún nó ó údarás náisiúnta, is gá go bhféadfadh sé fanacht ar thoradh imscrúdaithe den sórt sin ionas go bhféadfaidh sé brath, más iomchuí, ar chinneadh den sórt sin i gcomhthéacs caingean le haghaidh damáistí a thionscnófar níos déanaí.

Thairis sin, foráiltear anois le Treoir 2014/104 nach mór an tréimhse theorann a chur ar fionraí, ar a laghad, go dtí bliain amháin tar éis an dáta  a thiocfaidh an cinneadh ón gCoimisiún go ndearnadh sárú chun bheith críochnaitheach.

Dá thoradh sin, **measann an Chúirt go bhfuil na sean-rialacha maidir le tréimhsí teorann faoi dhlí na Seice ar neamhréir le dlí an Aontais**. Fágann siad go bhfuil sé nach mór dodhéanta nó ródheacair an ceart chun cúiteamh a lorg as damáiste mar gheall ar shárú ar dhlí na hiomaíochta a fheidhmiú.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gníomh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a dhiúscairt i gcomhréir le cinneadh na Cúirte, atá ceangailteach mar an gcéanna ar chúirteanna nó binsí náisiúnta eile ar ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.
Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh CURIA lá na fógartha.
Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

**Fanaigí i dteagmháil linn !**

[1] Cinneadh C(2017) 4444 final, a bhaineann le nós imeachta faoi Airteagal 102 TFUE agus Airteagal 54 de Chomhaontú LEE (Cás AT.39740 – Google Search [Shopping]) (féach freisin, preaseisiúint ón gCoimisiún IP/17/1784). Ina breithiúnas an 10 Samhain 2021, Google agus Alphabet v an Coimisiún (Google Shopping), T-612/17 (féach freisin preaseisiúint Uimh. 197/21), inar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta go bunúsach don chaingean arna tabhairt ag Google agus Alphabet i gcoinne Chinneadh C(2017) 4444 final. Tá an t-achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin ón gCúirt Ghinearálta ar feitheamh os comhair na Cúirte Breithiúnais (féach cás C-48/22 P).

[2] Go háirithe Airteagal 102 CFAE nó Airteagal 10 de Threoir 2014/104/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le rialacha áirithe lena rialaítear caingne i leith damáistí faoin dlí náisiúnta maidir le sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh.

[3] Eadhon Airteagal 102 CFAE agus prionsabal na héifeachtachta.